Maidir le torthaí do thástála smearaidh

(About Your Results)

Sábhálann Scagthástáil Ceirbheacs Beathaí

(Cervical screening saves lives)

Maidir le do thorthaí

(About your results)

Chuir CervicalCheck litir chugat faoin tástáil smearaidh a rinneadh ort le déanaí. Sa litir seo insítear duit cad é an chéad rud eile a bheidh le déanamh agat. Is féidir leat do chuid torthaí a fháil ón dochtúir nó ón altra a rinneadh an tástáil smearaidh ort.

Cad a chiallaíonn sé má tá do chuid torthaí normálta

(What it means if your result is normal)

Má tá toradh do thástála smearaidh normálta ciallaíonn sé sin nár aimsíodh mínormáltachtaí ar bith. Scríobhfaidh CervicalCheck chugat agus inseoidh siad duit cá huair a bheidh an chéad tástáil smearaidh eile le bheith agat.

Má tá tú idir 25 agus 44 bliain d'aois, tabharfaidh CervicalCheck cuireadh duit chun do chéad tástáil smearaidh saor in aisce eile a bheith agat i gceann trí bliana.

Má tá tú idir 45 agus 60 bliain d'aois, tabharfaidh CervicalCheck cuireadh duit chun do chéad tástáil smearaidh a bheith agat i gceann cúig bliana. Tabhair faoi deara le do thoil go dteastaíonn dhá thoradh tástála smearaidh normálta sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an scagthástáil gach cúig bliana.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh tástálacha smearaidh de dhíth ort má fhreastail tú ar chlinic colpascópachta nó má tháinig athruithe den ghrád íseal ar do chealla ceirbheacs.

Cad a chiallaíonn sé mura bhfuil toradh normálta

(What it means if your result is not normal)

Ciallaíonn toradh nach bhfuil normálta go bhfuarthas athruithe i gcealla an cheirbheacs (muineál na broinne).

Tá athruithe coitianta agus is féidir luath-athruithe i gcealla a aimsiú i dtástálacha smearaidh, ionas go mbeifear ábalta iad a mhonatóiriú nó a chóireáil.

Is é víreas ar a dtugtar an papalómaivíreas daonna (HPV) is cúis le formhór na n-athruithe ar chealla an cheirbheacs. Is ionfhabhtú víreasach coitianta é HPV a leatar ó theagmháil craicne le craiceann i ngníomhaíocht ghnéasach. Tá an chosúlacht ann go bhfuil gach duine a bhí bainteach i ngníomhaíocht ghnéasach riamh nochta do HPV.

Ciallaíonn athruithe den ghrád íseal gur aimsíodh roinnt athruithe teorannacha nó beaga i gcealla na cheirbheacs. Tá sé seo coitianta agus d'fhéadfadh sé go n-éireodh na athruithe seo normálta arís leo féin.

Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe sin agus beidh ort tástáil smearaidh eile a bheith agat i gceann sé mhí nó i gceann dhá mhí dhéag. Má bhíonn na hathruithe ansin fós, cuirfidh an dochtúir nó an t-altra a rinne do thástáil ar aghaidh chuig clinic colpascópachta thú.

Níl sé chomh dóchúil go n-éireodh athruithe ardghráid normálta arís leo féin. Beidh scrúdú eile de dhíth ort. Cuirfidh an dochtúir nó an t-altra a rinne do thástáil ar aghaidh chuig clinic colpascópachta thú

D'fhéadfadh sé go ndearnadh tástáil sa tsaotharlann ar shampla do thástála smearaidh i gcomhair cineálacha áirithe den ionfhabhtú HPV. Cuideoidh sé sin le comhairle a thabhairt duit faoin gcéad rud eile a bheidh le déanamh agat.

Mura rabhthas ábalta do thástáil smearaidh a léamh sa tsaotharlann, beidh ort tástáil smearaidh eile a bheith agat.

Má chaithfear do thástáil a dhéanamh ar arís, beidh ort fanacht trí mhí ó dháta do thástála smearaidh deireanaí. Tugann sé sin deis do chealla an cheirbheacs fás ar ais i ndiaidh an tástála smearaidh.

Cad is colpascópachta ann?

(What is a colposcopy?)

Is scrúdú níos mionsonraithe é seo ar an gceirbheacs ag úsáid micreascóip. Déanann dochtúir nó altra é i gclinic ospidéal othar seachtrach. Tá an scrúdú saor in aisce. Má bhíonn colpascópacht de dhíth ort cuirfidh an dochtúir nó an t-altra a rinne do thástáil ar aghaidh chuig clinic colpascópachta thú. Is féidir leo tuilleadh eolais a thabhairt duit faoi cholpascópacht nó is féidir leat cuairt a thabhairt ar www.cervicalcheck.ie.

Ba chóir duit cloí leis an moladh i do litir ó CervicalCheck i gcónaí.

Saorghlao 1800 45 45

www.cervicalcheck.ie

Aiseolas agus faisnéis teagmhála

Ríomhphost: info@cervicalcheck.ie

Saorghlao: 1800 45 45 55

Láithreán Gréasáin: www.cervicalcheck.ie

Post: CervicalCheck, Saorphost LK407, Luimneach